

# Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

## Riachtanais le hAghaidh Scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;

- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;

- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;

- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

### S1 Taithí

(dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:

- taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta;

Mar shampla:

- taithí ar raon de spreagthaigh ilchéadfacha, amhail taos, uisce gallúnaí, pasta;
- taithí ar an mhúinteoir ag léiriú gníomhaíochtaí scríbhneoireachta nó marc-chruthaithe;

- taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta;

Mar shampla:

- taithí ar raon gníomhaíochtaí le hábhair éagsúla, amhail splaiseáil in uisce; lámha i sobal beartha; nó gaineamh fliuch/tirim;

- taithí a fháil ar chineálacha éagsúla taifeadtaí;

Mar shampla:

- taithí ar ghearrthóga digiteacha gearra agus grianghraif díobh féin agus de dhaoine fásta/piaraí an-aithnidiúla, na carachtair is fearr leo ar an teilifís, DVD nó i ngrianghraif, pictiúir, taifeadtaí fuaime lena n-áirítear ceol, amhráin, rainn, scéalta agus taifeadtaí óna dtimpeallacht féin;
- taithí ar lasc nó spásbharra a úsáid ar mhéarchlár ríomhaire le ríomhchlár cúis/éifeacht a oibriú ar ríomhaire;

- taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta;

Mar shampla:

- taithí ar mharcanna a chruthú in uigeachtaí neamhghnácha, amhail glúp, glóthach, brachán, seimilín, gaineamh (féadann foghlaimoirí níos sine cré, péint, taos páipéar balla agus ábhair eile a úsáid);
- taithí ar chruthanna a chruthú san aer, ribíní a luascadh srl. (scileanna oll-luaileacha a fhorbairt).

### S2 Freagairt

(tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois is arís)

I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- freagairt anois is arís do ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta;

Mar shampla:

- freagróidh siad anois is arís do raon de spreagthaigh ilchéadfacha;
- éistfidh siad le agus amharcaidh siad anois is arís ar dhuine fásta i mbun scríbhneoireachta nó ag déanamh marcanna (agus pictiúir/patrúin/siombailí agus/nó focail in úsáid);

- freagairt anois is arís d'fhaisnéis trí mhothúcháin;

Mar shampla:

- léireoidh siad freagairt éigin i leith gníomhaíochta, amhail splaiseáil in uisce; lámha i ngaineamh fliuch nó tirim;

- tosú ag léiriú feasachta i leith cineálacha éagsúla taifeadtaí;

Mar shampla:

- freagróidh siad ar feadh tréimhsí gearra ama do chruthú grianghraif agus taifeadtaí fuaime a tógadh ina dtimpeallacht, amhail fuaimeanna a athsheinntear ar Easi Speak/Big Mac/Seinnteoir MP3;
- úsáidfídh siad lasc anois is arís le ríomhchláir chúis/éifeacht a oibriú ar ríomhaire;

- freagairt anois is arís do mharc-chruthú i meáin mheasctha;

Mar shampla:

- déanfaidh siad marcanna a chruthú in uigeachtaí éagsúla, amhail glúp, glóthach, brachán, seimilín, gaineamh (féadann foghlaimoirí níos sine cré, péint, taos páipéar balla nó ábhair eile a úsáid);
- comhoibreoidh siad anois is arís le cruthanna a chruthú san aer, ribíní a luascadh srl. (scileanna oll-luaileacha a fhorbairt);
- déanfaidh siad idirghníomhú anois is arís i ngníomhaíochtaí a bhaineann le liathróid a chaitheamh, a ghreamú agus a phreabadh (comhordú lámh is súl a fhorbairt);
- déanfaidh siad idirghníomhú anois is arís i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hiallacha/coirníní a shnáithiú, taos a rolladh, a phinseáil agus a láimhsiú (scileanna mínluaileacha a fhorbairt).

# Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

## Riachtanais le hAghaidh Scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;

- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;

- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;

- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

### S3 Dul i mBun

(dul i mbun, aithris a dhéanamh ar iompraíocht mhúnlaithe, aird a dhíriú, súile a dhíriú ar rudaí, aithint)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- dul i mbun gníomhaíochtaí scríbhneoireachta múnlaithe;

Mar shampla:

- amharcaidh siad ar dhuine fásta ag scríobh;
- déanfaidh siad aithris ar uirlisí agus dromchlaí scríbhneoireachta a úsáid;

- dul i mbun gníomhaíochtaí le faisnéis agus mothúcháin a chur in iúl;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad comharthaí (Makaton) nó siombailí (pictiúir) le riachtanais a chur in iúl nó freagairt do spreagthach;

- dul i mbun agus tosú ar fhoirmeacha éagsúla taifeadtaí a úsáid;

Mar shampla:

- rachaidh siad i mbun gléas taifeadta in úsáid, le grianghraif, gearrthóga digiteacha agus taifeadtaí fuaime a bhfuil spéis phearsanta acu iontu a thógáil ar mhaithe le spraoi;
- úsáidfidh siad lasc le cláir chúis/éifeacht a oibriú ar ríomhaire nó ar chlár bán idirghníomhach;
- úsáidfidh siad luch/scáileán tadhaill nó clár bán idirghníomhach le míreanna a roghnú agus a ghníomhachtú ar scáileán;

- dul i mbun marc-chruthú, agus uirlisí scríbhneoireachta agus meáin mheasctha in úsáid acu;

Mar shampla:

- déanfaidh siad marcanna (scrioblálacha) a chruthú ar pháipéar ag úsáid uirlisí scríbhneoireachta éagsúla;
- tosóidh siad ag cruthú marcanna randamacha nuair a chuirtear uirlis scríbhneoireachta ina lámh;
- déanfaidh siad marc-chruthú a mhúnlú;
- rachaidh siad i mbun lámhphriontála agus méarphéinteála;
- úsáidfidh siad ríomhaire le marc-chruthú a dhéanamh.

### S4 Páirtíocht Ghníomhach

(idirghníomhú, roinnt, páirtíocht, comhoibriú, déanamh amach roimh ré, cuimhneamh)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:

- páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta múnlaithe;

Mar shampla:

- déanfaidh siad cinntí faoin méid ba chóir a bheith sa scríbhneoireacht chomhroinnte trí 'sea' nó 'ní hea' a freagairt/a chur in iúl;
- úsáidfidh siad ríomhchláir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta;

- tosú ar fhaisnéis, brí agus mothúcháin a chur in iúl;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad urlabhra, comharthaí (Makaton), siombailí nó foirm eile chumarsáide as a stuaim féin le roinnt idéanna a léiriú nó le riachtanais/mianta/mothúcháin a chur in iúl;

- úsáid a bhaint as raon méadaitheach d'uirlisí traidisiúnta agus digiteacha le haghaidh cuspóirí éagsúla;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad raon d'uirlisí líníochta agus péinteála le haghaidh cuspóirí éagsúla, amhail póstaeir a chruthú, scéalta a mhaisiú srl;
- úsáidfidh siad grianghraif, gearrthóga físe agus réada tagartha le himeachtaí agus eispéiris a thaifeadadh;

- dul i mbun marc-chruthú, agus uirlisí scríbhneoireachta agus meáin mheasctha in úsáid acu;

Mar shampla:

- tosóidh siad ag táirgeadh marcanna agus cruthanna a bhfuil brí leo;
- déanfaidh siad línte scrioblála ina bhfuil cruthanna éagsúla;
- déanfaidh siad cruthanna a bhfuil brí leo ar pháipéar, san aer, i ngaineamh;
- déanfaidh siad cóipeálann siad marcanna cothrománacha/ingearacha/ciorclacha a chóipeáil.

# Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

## Riachtanais le hAghaidh Scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;

- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;

- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;

- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

## S5 Daingniú (tosú ar thuiscint a fhorbairt)

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:

- tosú ag cur le gníomhaíochtaí scríbhneoireachta i gcomhpháirt;

Mar shampla:

- molfaidh siad roinnt rudaí faoin méid ba chóir a scríobh nó a tharraingt sa scríbhneoireacht chomhroinnte trí chomharthaíocht, díriú súile, ag díriú méire ar phictiúir;
- iarrfaidh siad ar dhuine fásta focail a scríobh/pictiúir a bhfuil spéis phearsanta acu iontu a tharraingt (is féidir nach ó bhéal a iarrfar é seo);

- tosú ar fhaisnéis, brí, mothúcháin agus idéanna a chur in iúl;

Mar shampla:

- tosóidh siad ag cur braistintí agus mothúcháin in iúl trí líníochtaí/pictiúir;
- leanfaidh siad sceideal nó amchlár laethúil aithnidiúil;
- tuigfidh siad an chiall atá le marcanna a dhéantar le stampálaithe dúigh, mar shampla aghaidh shona, obair mhaith;

- úsáideann siad raon d'uirlisí traidisiúnta agus/nó digiteacha lena n-idéanna a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i láthair le haghaidh cuspóirí agus spriocghrúpaí éagsúla;

Mar shampla:

- úsáidfidh siad gléas taifeadta, tógann siad grianghraif, gearrthóga digiteacha agus taifeadtaí fuaime agus cuirfidh i láthair iad do lucht féachana;
- úsáidfidh siad scáileán tadhaill nó clár bán idirghníomhach le hidéanna a chur i láthair;
- déanfaidh siad pictiúir/léiriúcháin amhairc le hidé a chur in iúl agus a chur i láthair;

- tosú ar chruthanna atá cosúil le litreacha a scríobh ar bhealach níos cruinne agus níos cumasaí;

Mar shampla:

- tosóidh siad ar mharcanna agus cruthanna a dhéanamh a bhfuil brí leo dá bhfuil cuid acu ina neasúcháin de litreacha agus uimhreacha;
- déanfaidh siad cruthanna geoiméadracha/cruthanna ar nós litreacha ar pháipéar, san aer, i ngaineamh, i meáin mheasctha;
- rianóidh siad thar nó cóipeálann siad faoi línte agus cruthanna;
- beidh patrúin infheicthe sa scríbhneoireacht, amhail spásanna idir siombailí;
- beidh roinnt litreacha déanta mar is ceart;
- léireoidh siad tuiscint ar threoshuíomh clé-deas na scríbhneoireachta.

## Leibhéal 1

I ndiaidh scríbhneoireacht mhúnlaithe, scríbhneoireacht i gcomhpháirt agus scríbhneoireacht faoi threoir a dhéanamh, tig le daltaí:

- labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh;

- labhairt leis an mhúinteoir nó lena gcomhdhaltaí faoin rud ba mhaith leo a chur in iúl ina gcuid scríbhneoireachta, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá;

- smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, agus abairtí simplí;

- úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, frásaí nó abairtí simplí lena dteachtairacht a chur in iúl;

- tabhairt faoi scríobh focal le fuaime a cheangal le siombail;
- tabhairt faoi eochairfhocail phearsanta a scríobh;
- litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair a dhéanamh;

- tabhairt faoi fhocail a scríobh agus iad ag baint úsáid as an eolas atá acu ar na fuaimeanna atá ag litreacha;
- focail a fheiceann agus a úsáideann siad go minic a scríobh, a n-ainmneacha féin, nó ainm peata, focail a fheiceann siad sa timpeallacht, mar shampla;
- a léiriú go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid, cruth agus treoshuíomh litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair.